# Salann na Talún



## Machnamh

www.ctbi.org.uk/weekofprayer

An tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2016

# Lá 1

**Eiziceíl 37:12-14**
Osclóidh mé bhur n-uaigheanna

**Salm 71:19 -23**
Síneann d'fhíréantacht chun na bhflaitheas, a Dhia

**Rómhánaigh 8:15-21**
Ós rud é go bhfuilimid páirteach leis ina pháis, le hionchas a bheith páirteach leis ina ghlóir

**Matha 28: 1-10**
Níl sé anseo mar tá sé éirithe

## Tosach

**Ábhar machnaimh bunaithe ar obair an ionaid don óige Chaitliceach in ard-deoise Riga**

Déanann an tIonad don Óige Chaitliceach in ard-deoise Riga a mhachnamh féin ar an tábhacht a bhaineann leis an bpaisean, leis an aiséirí, agus le héachtaí an Tiarna, nithe a nglaotar ar Chríostaithe eolas a scaipeadh ina dtaobh. Tá an machnamh sin bunaithe ar chomhthéacs an ionaid féin, agus go háirithe ar an taithí bhliaintúil a bhíonn acu agus iad i mbun Slí Éicúiméineach na Croise a eagrú.

Níl dearmad déanta ar an tréimhse Shóivéideach i stair na Laitvia. Is deacair maithiúnas a thabhairt dóibh siúd atá freagrach as an díobháil lenar bhain an oiread sin fulaingthe, agus, ar nós na cloiche a bhí ag tuama Íosa, d'fhéadfadh an oiread sin fulaingthe duine a chur in uaigh spioradálta. Is é aiséirí Íosa an eachtra shuaithinseach a osclaíonn ár n-uaigheanna, a shaoraíonn sinn ón bpian agus ón ainnise, agus a athaontaíonn sinn lenár ndeartháireacha agus ár ndeirfiúracha a cuireadh i ngéibheann agus atá ag fulaingt chomh maith. Agus dála Mháire Mhaigdiléana, ní mór dúinn láthair na lúcháire móire a fhágáil inár ndiaidh chun an scéal a scaipeadh.

## Machnamh

### An Chloch

Bhuail tú an chloch
anuas ar dhoras
do thuama bhreá phríobháidigh.

Nach cluthar an bás é sin.

Fáiltíonn an oíche roimh
chorp brúite Chríost,
é luite go sásta,
ar chloch shocair an dogma.

Ciúnas!
Nár iompaí aon duine ón gcloch siar,
gan dul ar aghaidh, ina iomláine,
ina choiscéimeanna féin,
ag tabhairt faoi dhúshlán an lae.

Ard-Eaglais Chaitliceach Rómhánach Riga agus an cuimheachán "Barikades" a tógadh lasmuigh de i gcuimhne ar an gcoimhlint leis na fórsaí Sóivéideacha sa bhliain 1991.



# Go n-iompaí an chloch siar



## Ceisteanna

- Baineann compord aisteach leis an tuama toisc go gcosnaíonn sé sinn ó aiteas agus ó dhúshlán aiséirí Chríost. Cad é an tréith úd ionainn a dhiúltaíonn d'iompú siar na cloiche?
- Conas is féidir linn an taithí atá againn le Dia a roinnt le daoine eile?

## Paidir

A Thiarna Íosa atá aiséirithe,
níorbh aon bhac ort an chloch úd,
baineann grá, beatha úr, agus dúshláin
nua le d'aiséirí.

Tabhair dúinn an neart agus an chrógacht
a chabhróidh linn creidiúint sa mhéid seo,
agus na clocha géibhinn a iompú siar,
ag fáiltiú roimh mhaidin na Cásca,
ag teacht suas leis na creidmhigh ónar
scaradh sinn.
I d'ainmse, a Thiarna aiséirithe, a
ghuímid. Áimeán.

## Téigh agus déan (www.ctbi.org.uk/goanddo)

- D'fhéadfaí clocha a mhalartú idir eaglaisí le focal síochána nó beannacht scríofa orthu, carn mór díobh le feiceáil i ngach ionad adhartha. Nuair a ardaíonn tú ceann de na clocha, nó nuair a fheiceann tú ceann acu, déan guí le go mba chlocha beo i do cheantar iad an comhbhráithreachas agus an pobal.
- Glanaigí suas gairdín an phobail i dteannta a chéile in bhur gceantar, nó uaigheanna sa reilig a ndearnadh faillí orthu.
- Is méanar do lucht an dobróin – Scríobhtar ainmneacha na ndaoine a imíonn gan tásc ná tuairisc ar chlocha sa Chólóim. Tabhair cuairt ar Go and Do chun scéal Maria a léamh.

# Lá 2

**Íseáia 61: 1-4**
Tá Spiorad an Tiarna orm.

**Salm 133**
Nach maith agus nach aoibhinn é go mbeadh bráithre ina gcónaí le chéile.

**Filipigh 2:1-5**
Cuirigí barr ar mo chuid áthais trí bheith ar aon aigne le chéile.

**Eoin 15: 9-12**
Dúirt mé na nithe seo libh chun go mbeadh mo lúcháir-se ionaibh.

## Tosach

**Machnamh bunaithe ar thaithí léiritheoirí cláracha Críostaí ar an Raidió Stáit sa Laitvia.**

Ní raibh aon chead cláracha Críostaí a chraoladh ar na meáin phoiblí sa Laitvia sa ré Shóivéideach. Ó baineadh neamhspleáchas amach, tá cead a leithéid a chraoladh ar Raidió Stáit na Laitvia, leis an toradh go bhfuil fóram anois ar fáil do cheannairí ó eaglaisí éagsúla inar féidir leo caidreamh a chur ar a chéile. Tá an taispeántas poiblí seo de mheas, de ghrá, agus de lúcháir ag cur go mór le spiorad an tsaoil éicúiméinigh sa Laitvia.

Iarrann lúcháir an tSoiscéil ar Chríostaithe a bheith ag maireachtáil de réir thairngreacht Íseáia: “chun dea-scéala a bhreith liom chuig na dearóile”.

Nuair a bhímid trína chéile mar gheall ar ár dtrioblóidí féin, is deacair teacht ar an misneach atá ag teastáil chun lúcháir Íosa a fhógairt.Ach fiú nuair a bhraithimid nach bhfuil an neart ionainn chun aon ní a thabhairt d’aon duine eile, méadaíonn Íosa é ionainn agus sna daoine timpeall orainn. Nuair a thugaimid grá dá chéile mar a thugann Íosa grá dúinne, faighimid taithí ar chomhghrá agus ar an lúcháir i gcroílár ár bpaidreach chun aontachta.

## Machnamh

**Dea-scéala**

Dea-scéala gan dabht!

Daoine chomh deasa,
ar thaobh deas den chathair,
gan imircigh a bheith ann,
gan choirpigh,
ná príosún.

Biocáire nua.
Óg, geal, agus fireann, buíochas le Dia
ag teacht le díon nua na heaglaise,
agus an cistinéad ardchaighdeáin,
a chosain na mílte.

Na boicht?
Is ea go deimhin. Na boicht…

Nach seoltar rud éigin go háit
a nglaotar an tríú domhan air?
Agus nach mbailíonn duine éigin cannaí stáin agus rudaí
i gcomhair
banc bia, áit éigin?

Ach ceantar maith is ea é seo.

Ní fhulaingíonn ciúnas socair
Dé Domhnaigh
aon osna ghátair,
aon chnead péine,
aon scread éadóchais.

# Glaoch chun lúcháire



## Ceisteanna

- Scríobhann Proinsias, Pápa, faoi lúcháir an tSoiscéil. Cad atá i gceist le lúcháir an tSoiscéil don domhan agus do na heaglaisí?

- Tabhartas ó Chríost is ea lúcháir, ach faighimid é ó dhaoine eile. Cad is féidir leat a fháil ó Chríostaithe eile i dtreo is go mbeadh lúcháir Íosa ionat, i do spreagadh chun finnéachta?

## Paidir

A Thiarna Íosa, a Thiarna na lúcháire,
santaíonn an domhan dea-scéala;
santaíonn an domhan do ghrá agus do ghrásta.

Líonn sinn leis an ngrá agus leis an
lúcháir úd.
Cabhraigh linn tuiscint a bheith againn
do thrioblóidí daoine eile,
osnaí daoine eile,
cneadanna péine,
screada éadóchais,
agus chun a bheith freagrach i gcónaí,
i do ghrá agus i do lúcháir,
tusa, ár Slánaitheoir, agus ár dTiarna.

Áiméan

## Téigh agus déan (www.ctbi.org.uk/goanddo)

- Aontaigh ar amhrán lúcháire le canadh i ngach aonad adhartha i rith an tabhartais.

- Iarr ar do phobal a bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht éigin is maith libh a dhéanamh le chéile, e.g., picnic, nó siúlóid.

- Is méanar dóibh siúd atá bocht ó spiorad – tá lúcháir á tabhairt go pobail bhochta san Éiteóip. Tabhair cuairt ar Go and Do chun scéal Adi a léamh.

# Lá 3

**Irimia 31:10-13**
Tiocfaidh siad agus canfaidh.

**Salm 122**
Iarraigí síocháin Iarúsailéim.

**1 Eoin 4:16b-21**
An té a mhaireann sa ghrá, maireann i nDia.

**Eoin 17:20-23**
Ionas go mba aon iad go léir.

## Tosach

**Ba é Chemin Neuf a spreag an machnamh seo.** http://www.chemin-neuf.org/

Pobal Caitliceach idirnáisiúnta is ea Chemin Neuf a bhfuil gairm éicúiméineach ar leith aige, agus a tháinig go Laitvia go luath sna blianta 2000.

Faigheann na baill Chaitliceach agus Liútaracha taithí ar lúcháir an ghnáthshaoil i gCríost, is é sin, "fáilte a chur roimh Chríostaithe ó chúlraí eile, ag dul ina measc chun grá a léiriú, chun a bheith ag freastal, ag guí, agus chun finnéacht a dhéanamh". Tá taithí acu ar an bhfulaingt a bhaineann le heasaontacht: "ní chreidfeadh aon duine sinn dá ndéarfaimís gur sinne deisceabail Chríost ón uair nach féidir linn glacadh le corp Chríost i dteannta a chéile". Mar chomhartha ar an deighilt seo, leagann siad cailís agus paiteana folamh ar an altóir i rith urnaí an tráthnóna.

## Machnamh

**'Go mba aon iad go léir'**

Tá sibh ag caoineadh bhur
gcreideamh,
óir nach bhfreastalaíonn mórán ar
bhur bhféilte,
is sceirdiúil iad bhur n-eaglaisí,
osna le clos ó na sagairt.

Is é seo, arsa sibh,
an dara deoraíocht.
"Cuirfidh ár nDia atá ag meath
a phobal i réim arís,
faoi mar a rinne sé d'Iosrael"

Tugaigí éisteacht do bhriathar
an Tiarna,
ach an fhírinne a bheith bainte
den teagasc,
liotúirge á uisciú síos,
agus sibh ag obair in aisce
i dtreo sprioc atá scoilte.

"Ni dhéanfar Iarusailéim
a ath-thógáil
an fhaid a bheidh mo phobal
scoilte".

An tearmann san Ard-Eaglais Chaitliceach Rómhánach in Riga.





# Finnéacht an chomhbhráithreachais

## Ceisteanna

- Cén tábhacht a bhaineann le bheith mar aon i gCríost dar leatsa?
- Cén tslí ina gcabhraíonn aontacht i gCríost linn na réamhchlaontaí stairiúla a shárú tar éis na gcéadta bliain de thraidisiún na deighilte idir Críostaithe ár n-oileán féin, gan trácht ar mhór-roinn na hEorpa.

## Paidir

a Thiarna Íosa, a Thiarna na sláine,
tá do ghuí chun aontachta i measc
do dheisceabal
tithe ar chluasa dúnta agus ar
chroíthe crua.

Maith dúinn ár gcluasa dúnta,
maith dúinn ár gcroíthe crua,
is nithe iad sin a chuireann amhras,
réamhchlaonta, agus deighilt ar
aghaidh:
maith dúinn ár misean scoilte.

Oscail ár gcroíthe, ár súile agus ár
n-aigne
chun do ghrá agus chun d'fhírinne,
atá laistigh de gach pobal Críostaí,
agus neartaigh ionainn an fonn oibre,
chun aontacht d'eaglaise agus do chruthú
a thabhairt ar ais,
Áiméan.

## Téigh agus déan (www.ctbi.org.uk/goanddo)

- Cuir cupán agus pláta comaoine ina seasamh in áit lárnach san ionad adhartha.
- Cuir béile ar fáil don chuid eile den phobal.
- Is méanar dóibh siúd atá ceansa – tá pobal Quilombola na Brasaíle, mar shampla, ag maireachtáil go ceansa ar thalamh an domhain. Tabhair cuairt ar Go and Do chun foghlaim óna scéal siúd.

# Lá 4

**Geineasas 17:1-8**
Tabharfar Abrahám ort, óir tá athair ar mhórán ciníocha á dhéanamh agam díot.

**Salm 145:8-12**
Is cineálta an Tiarna agus is trócaireach, is grámhar an Tiarna le gach aon neach

**Rómhánaigh 10:14-15**
Conas a ghlaofaidís ar an té nár chreid siad ann?

**Matha 13:3-9**
Bhí cuid eile de a thit ar an talamh maith.

## Tosach

**Machnamh bunaithe ar léiritheoirí *Vertikale*, clár Críostaí ar theilifís náisiúnta na Laitvia a bhíonn ar siúl maidin Dé Domhnaigh.**

D'fhoghlaim siad nach féidir Briathar Dé a chur sa spás poiblí gan Críostaithe eile a aithint mar dheartháireacha agus deirfiúracha.

Tá ár saol lán d'fhocal: focail a thagann ón ngnáthchomhrá, ón teilifís, ón raidió, agus ó na meáin shóisialta. Is féidir leis na focail seo a bheith cruthaitheach nó scriosach. Agus bíonn an chuma ar mhórán de na múrtha focal seo uaireanta nach mbaineann aon chiall leo: baineann deighilt lena leithéid seachas aon chothú. Is féidir leis an tuile seo sinn a bhá nuair nach mbaineann aon chiall léi. Ach an Briathar tarrthála atá cloiste againn, caitheadh chughainn é mar a bheadh téad sábhála. Glaonn sé sinn chun comaoine, agus aontaíonn sé sinn le daoine eile a bhfuil an Briathar cloiste acu. Níor phobal sinn tráth den saol, ach is sinne anois pobal sagartúil Dé.

## Machnamh

**Briathra**

a shagairt Bháibil, is mar dhiúracáin
a thiteann bhur gcuid focal
ón bpuilpid,
sibh ag iarraidh an seasamh a tógadh
riamh a chosaint,
ag déanamh amach nach féidir ach
a bheith sásta san easaontas.

Focail, focail, focail.
Caolchúiseach, ar chuma na nathrach,
a gcuid sliogán nimhe,
ag múchadh ón gcré aníos
síolta Bhriathair aonair Ríocht Dé.

An chros ar láthair eaglais Naomh Meinhard in Ikskile.





## Ceisteanna

- Conas mar a chuireann an dearcadh atá agat i leith traidisiún Críostaí eile isteach ar fhoilsiú an tSoiscéil?
- Cé a chloiseann briathar na beatha uainn?

## Paidir

a Thiarna Íosa,
an fheoil a rinneadh den bhriathar,
a seoladh chun cónaithe inár measc,
briathar na fírinne, an ghrá, na lúcháire,
briathar na trua, an briathar fulangach,
briathar na haontachta.

Maith dúinn ár smaointe agus ár bhfocail cáinteacha, diúltacha, goineacha.

Spreag sinn ó Spiorad,
agus tabhair dúinn an aontacht a mhisnóidh sinn,
chun briathra lúcháire,
briathra fulangacha, agus briathra athmhuintearais a labhairt.
Déan daoine sagartúla athbhríocha dínn inár bpobail féin, ag obair in ónóir do Dhia.  Áiméan.

## Téigh agus déan (www.ctbi.org.uk/goanddo)

- Roghnaigh Soiscéal Eoin a léamh le chéile mar eaglaisí.
- Eagraigh oíche filíochta do do phobal áitiúil.
- Is méanar dóibh siúd a d'fhulaing géarleanúint – ní mór éisteacht leo sin a bhfuil géarleanúint á déanamh orthu chomh maith leo sin a dhéanann géarleanúint. Tabhair cuairt ar Go and Do chun fáil amach faoi Breaking the Silence, eagraíocht neamhrialtasach Iosraelach.

## Buíochas

Tógadh na sleachta bíobalta ó An Bíobla Naofa, cóipcheart 1981, le caoinchead ó An Sagart.



**Scríbhneorí Eaglaisí le Chéile, an Bhreatain Mhór agus Éire, don tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostáí 2016**

Bíonn Eaglaisí le Chéile, an Bhreatain Mhór agus Éire (CTBI) ag obair i gcomhar le scríbhneoirí éagsúla ó na ceithre náisiún chun na hacmhainní seo a chur ar fáil daoibh gach aon bhliain. Táimid fíorbhuíoch do na comhghleacaithe seo a leanas a chabhraigh linn ceann scríbe a bhaint amach don bhliain 2016:

| | | |
|---|---|---|
| An Dr. Uasal Tim Stratford | - | Modhnóir chumann na scríbhneoirí CTBI WPCU agus Ard-Deagánach Leicester. |
| An tUrramach Peter Colwell | - | Leas-Ard-Rúnaí, CTBI |
| an Dr. Urr. David Cornick | - | Rúnaí Ginearálta Eaglaisí le Chéile i Sasana (CTE) |
| An Canóineach Urramach Gwynn ap Gwilym | - | Comhairleoir na nEaspag um Ghnóthaí na hEaglaise, Eaglais sa Bhreatain Bheag. |
| Ruth Harvey | - | Comhairleoir agus Áisitheoir Shoreline, Conversations, and agus ball den Iona Community |
| Jenny Sheehan | - | Coimisnéir na Seanmóireachta Tuatha, Sionad an Deiscirt URC |
| Wendy Young | - | Oifigeach Acmhainní na hEaglaisí, Cúnamh Críostaí |

**Creidiúintí grianghrafadóireachta**

(is é sin, aon áit nár sholáthair an cumann scríbhneoirí a leithéid):

lth 3: James Emery (www.flickr.com/photos/emeryjl/520147887/)

lth 5: Jimmy and Sasha Reade (www.flickr.com/photos/readephotography/6072431417/)

lth 7: Holy Trinity Brompton

lth 9: Holy Trinity Brompton

lth 10: Quinn Dombrowski (www.flickr.com/photos/quinnanya/3118334784/)

lth 13: Holy Trinity Brompton

lth 17: Richard Gillin (www.flickr.com/photos/photoverulam/8610605877)

lth 19: Moreno Berti (www.flickr.com/photos/morenoberti/9601187936)

lth 20: Tim Sackton (www.flickr.com/photos/sackton/7086073585/)

# Lá 5

**Geineasas 37:5-8**
Éistigí leis an taibhreamh a rinneadh dom

**Salm 98**
Canaigí amhrán úr don Tiarna, óir rinne sé éachtaí

**Rómhánaigh 12: 9-13**
Bíodh grá bráthar agaibh dá chéile

**Eoin 21:25**
Ní bheadh slí ar domhan féin do na leabhair a bheadh á scríobh

## Tosach

**Machnamh ó eagarthóirí na hirise éicúiméiní 'Kas Mus Vieno?' ('cad a thugann le chéile sinn?') a bunaíodh sa bhliain 2005 chun dul i ngleic leis an easaontacht.**

Fulaingíonn eaglaisí de dheasca gan iad a bheith ábalta suí chun bord an Tiarna i dteannta a chéile mar aon teaghlach amháin. Cuireann an tsíoriomaíocht agus traidisiún na coimhlinte isteach go mór orthu.

Tagann fearg ar deartháireacha Sheosaimh nuair a labhraíonn sé leo faoinar taibhsíodh dó mar go dtugann an taibhreamh le fios go mbeadh orthu umhlú dá ndeartháir. Ach nuair a umhlaítear sa deireadh dó, agus iad san Éigipt, tagann siad go léir chun réitigh seachas ísliú stádais nó aon ní mar sin a bheith faighte acu.

Tugann Íosa éachtaint dúinn ar an aontacht faoi mar a fheictear i scéal Sheosaimh é. Ach ar nós deartháireacha Sheosaimh, bímid féin imníoch roimh an éachtaint sin nuair is gá dúinn géilleadh do thoil duine éigin eile. Tá eagla orainn aon rud a chailliúint, cé nach bhfuil aon ní le cailliúint againn, ach a mhalairt: deis atá ann teacht chun réitigh lenár ndeartháireacha agus lenár ndeirfiúracha.

## Machnamh

### Taibhreamh Sheosaimh

Thiontaigh baol an íslithe stádais
ina scéal athmhuintearais,
deartháireacha a bhí faoi ghruaim,
go tobann,
ag glacadh le teachtaireacht
    an taibhrimh,
i dtreo is "go mba aon iad";

deartháireacha agus deirfiúracha a
bhí scartha óna chéile,
tagtha anois chun réitigh,
idir phaidreacha agus mhisean.

Seo mar is ceart don saol a bheith,
agus tá a fhios againn go léir é.
Baineann céasadh leis an
    easaontacht,
agus pian leis an mbruíon.

Agus níl aon chaint
in bhur dteagasc róchasta
ar dheighilt a bheith ar neamh

Fothraigh Eaglais Naomh Meinhard in Ikskile, an chéad fhoirgneamh saoirseachta a tógadh sa Laitvia.



# Éistigí leis an taibhreamh a rinneadh dom



Justin Welby, Ard-Deagánach Canterbury i dteannta an Chairdinéil Vincent Nichols ag an gComhdháil

## Ceisteanna

- Cad atá i gceist lenár mbrionglóidí ar an aontacht Chríostaí a leagadh síos ag cosa Chríost?
- Cad iad na slite inar cheart do na heaglaisí iad féin a athnuachan agus a athrú ó bhonn mar fhreagra ar an tuiscint atá ag an Tiarna ar an aontacht?

## Paidir

a Íosa, a Thiarna a fhulaingíonn,
agus a fhulaingíonn a thuilleadh mar
gheall ar easaontacht na n-eaglaisí,
fulaingíonn siad siúd ar sprioc dóibh
do thaibhreamh ar an aontacht a réadú.
Maith dúinn an méid atá déanta againn
chun an deighilt a chur ar aghaidh;
bronn orainn an umhlaíocht chun
éisteacht le do ghuth
a mholann de shíor an t-athmhuintearas.
Spreag sinn le dul ag obair gan staonadh,
i dtreo is go gcreidfeadh an domhan
i d'ainmse.
Áiméan

## Téigh agus déan (www.ctbi.org.uk/goanddo)

- Roinn do bhrionglóid le d'eaglais, agus le do phobal féin, agus leis na pobail éagsúla atá i do cheantar.
- Roinn na brionglóidí seo le ceannairí pobail mar chuid d'iarratas ginearálta orthu go ndéanfaidís na athruithe cuí i dtreo an fhís seo a fhíorú.
- Is méanar dóibh siúd atá glan ó chroí – iadsan a mheastar a bheith neamhghlan san Ind, .i., an t-aos seachanta, bíonn siad ag súil leis an lá go gcaithfear le gach aon duine ar an tslí chéanna. Tabhair cuairt ar Go and Do chun scéal Seema a chloisteáil.

# Lá 6

**Íseáia 62:6-7**
Ar do mhúrtha, tá lucht faire i gceann poist agam.

**Salm 100**
Gairdígí don Tiarna, a thíortha uile!

**1 Peadar 4:7b-10**
Bígí ciallmhar dá bhrí sin agus bíodh smacht agaibh oraibh féin mar mhaithe le bhur n-urnaithe

**Eoin 4:4-14**
Íosa, foinse na beatha síoraí

## Tosach

**Tosach: Baineann an machnamh seo le taithí a bhaineann le séipéal na hurnaí éicúiméiní i lár baile beag darb ainm Madona.** D'fhorbair an séipéil mar thoradh ar an taithí a bhí acu leis an tSeachtain Ghuí chun Aontacht Chríostaí. Bíonn idir thraidisúin Liútaracha, Chaitliceacha agus Ortadocsacha san áireamh sa ghrúpa. Déanann siad úrnaí de lá agus d'oíche le chéile fós.

An fhaid is a bheidh deighilt idir pobail Dé, beidh na Críostaithe scartha óna chéile. Táim-idne dealraitheach le hÍosa nuair a bhí sé sa tSamáir, .i., strainséirí ar an gcoigríoch, suaite, gan deoch ná áit le luí siar. Tá insint ag Íseáia ar éacht an Tiarna: shuiteáil sé fairtheoirí ar mhúrtha Iarúsailéim ionas go bhféadfadh a phobal é a adhradh de lá agus d'oíche.

Is áiteanna slána anois iad ár séipéil agus ár n-eaglaisí inar féidir le daoine a scíth a ligean agus iad ag teacht le chéile chun a bheith ag paidreoireacht i rith na Seachtaine Guí le hAontacht Chríostaí. Is é an dúshlán an tseachtain seo ná a thuilleadh áiteanna agus tréimhsí paidreoireachta a chur ar fáil, de bharr gur trína bheith ag urnaí i dteannta a chéile a dhéanfar aon phobal amháin dínn.

## Machnamh

**Fairtheoirí**

Paidreacha á gcur
timpeall na heaglaise agaibh i
dteannta a chéile,
is í seo an t-aon seachtain amháin
a ndéantar díbh,
go róghairid ar fad,
aon phobal amháin.

Leanaigí den phaidir seo.

Leanaigí,
ar an airdeall ar nós na
bhfairtheoirí
ar mhúrtha Iarúsailéim.

Ná fanaígí in bhur dtost.
Ná glacaigí aon sos.
Ná himígí ón Tiarna

go dtí go gceanglaíonn sé tú leat
féin arís,
agus leis féin,
aon phobal amháin,
aon mhisean,
aon Dia
a gcreidfidh an domhan ann.

Fothraigh Eaglais Naomh Meinhard in Ikskile, an chéad fhoirgneamh saoirseachta a tógadh sa Laitvia.



# Fáilte roimh an bpaidir



## Ceisteanna

- Cén bhrí a bhainfeadh le heaglais "aontaithe" i do phobalsa?
- Cén tábhacht a bhaineann le bheith ag urnaí i dteannta a chéile?

## Paidir

A Thiarna Íosa,
d'iarr tú tráth ar do chuid aspal fanacht
ina ndúiseacht chun dul ag
paidreoireacht i do theannta.
Ba mhaith linne spás sacráilte agus am
naofa a chur ar fáil don domhan mór,
chun athbhrí agus síocháin a lorg,
ina gcuirfimid aithne níos fearr ort trí
mheán an urnaí.
Áiméan

## Téigh agus déan (www.ctbi.org.uk/goanddo)

- Eagraigh seisiún urnaí a mhairfidh dhá uair déag i seomra ar leith, gach eaglais ag glacadh le hon sliotán ama amháin. Cuir críoch leis an seisiún le mórsheisiún amháin ina mbeidh na heaglaisí go léir páirteach.
- Cuir bosca paidreach nó crann ar leith nó a leithéid ar fáil mar ionad inar féidir leis an bpobal áitiúil a gcuid paidreacha nó iarratais ar phaidreacha a cheangal nó a phóstáil, á gcur in iúl do chách.
- Is méanar do lucht na trócaire – is leanaí iad formhór na dteifeach Súdánach a thugann faoin Liobáin. Tabhair cuairt ar Go and Do chun tuiscint a fháil ar a saol siúd.

# Lá 7

**Íseáia 52:7-9**
An té a bhfuil dea-scéala aige, síocháin á craoladh aige.

**Salm 126**
Rinne an Tiarna na héachtaí dúinn.

**Colasaeigh 1:27-29**
Críost in bhur measc, ag deimhniú na glóire daoibh

**Lúcás 24:13-36**
Nach raibh ár gcroí ar lasadh ionainn?

## Tosach

**Machnamh bunaithe ar na Laitviagh a tháinig go dtí an creideamh de bharr an chúrsa Alpha.** Chuir siad fáilte i gcónaí roimh an bhfoghlaim agus an saibhriú a bhaineann le tabhartais Dé agus le bronntanais ó phobail Chríostaí eile: **http://www.alpha.org/**

Ní raibh aon dóchas fágtha ag na deisceabail a thug faoi Eamáús gurbh é Íosa an Slánaitheoir, agus d'imigh siad dá bhrí sin ó Iarúsailéim agus a bpobal féin. Aistear a bhí ann ar bhain idir scaradh agus uaigneas leis. Ach nuair a d'fhill siad ar Iarúsailéim, bhí siad lán dóchais arís, an Soiscéal go beo ar a mbeola acu. Ba é teachtaireacht an aiséirithe a thiomáin ar ais go croílár an phobail iad, agus isteach i gcomaoin an chomhbhráithreachas. Is rímhinic Críostaithe i mbun soiscéalaíochta agus spiorad ró-iomaíoch acu, iad ag iarraidh a gcuid séipéal féin a líonadh. Is tábhachtaí leo a gcuid uaillmhéine ná an Soiscéal féin a chraobhscaoileadh ná na daoine a éisteann leis. Fíorshoiscéalachas is ea an turas a thug na deisceabail ó Emmáús go hIarúsailéim, turas ón uaigneas go dtí an aontacht.

## Machnamh

### Bóthar na hAontachta

Bhailigh sibh libh
go míshásta, díomá oraibh
faoi chomaoin
an chomhbhráithreachais,
an bóthar uaigneach á thabhairt
 oraibh féin
go hEmmáús.

Aistear ar bhain idir
scaradh agus uaigneas leis.

Nuair a osclaítear bhur súile
chun aitheantas a thabhairt
don té a thagann in bhur láthair,
chun imeacht in bhur bhfochair,

na scrioptúir á míniú
aige daoibh,
a t-arán á bheannú
agus á bhriseadh aige,

ach bhur gcroíthe ar lasadh istigh
 ionaibh,
fillfidh sibh go tobann,
ar bhur bpáirtithe,
iad ar fad tagtha le chéile in Iarúsailéim

Eaglais Cheartchreidmheach na Rúise in Riga.



# Croíthe ar lasadh le fonn aontachta



## Ceisteanna

- An é atá i gceist le misean ná leithscéal ár dtraidisiún féin a chur chun cinn?
- Cad iad na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann leis an misean a dhéanamh i bpáirt inár gceantair féin?

## Paidir

a Thiarna Íosa, ár bpáirtí buan ar an aistear,
chuir tú ár gcroíthe ar lasadh istigh ionainn,
d'iompaigh tú siar ar an mbóthar sinn,
i dtreo ár ndeartháireacha agus ár ndeirfiúracha,
teachtaireacht an tSoiscéil ar ár mbeola,
cabhraigh linn teacht ar an tuiscint
go gcuirtear le daingniú aontacht do phobail i gcónaí
nuair a ghlacaimid d'fhocal go dílis agus go dóchasach.
Áiméan

## Téigh agus déan (www.ctbi.org.uk/goanddo)

- Eagraigh oilithreacht timpeall gach ceann de na heaglaisí i do cheantar.
- Tabhair cuireadh don phobal áitiúil dul ar an tsiúlóid sin chun cuairt a thabhairt ar na foirgnimh.
- Is méanar do lucht síochána a dhéanamh – guigh ar a son siúd atá ag obair chun síocháin a thógaint sna láithreacha achrainn ar fad atá ar domhan. Tabhair cuairt ar Go and Do chun na paidreacha sin a spreagadh.

# Lá 8

**Íseáia 56:6-8**
Gairfear de mo theachsa teach urnaí na gciníocha go léir

**Salm 24**
Cé a rachaidh suas cnoc an Tiarna?

**Gníomhartha 2:37-42**
Agus chloígh siad go daingean le teagasc na n-aspal, le comaoin ar a chéile.

**Eoin 13:34-35**
Má bhíonn grá agaibh dá chéile.

## Tosach

**Machnamh ó Levi Ivars Graudins, bunaitheoir Teach Urnaí Gaizins.**

Tá a theach siúd lonnaithe ar Gaizins, an cnoc is airde sa Laitvia, agus is é a fheidhmíonn go minic mar ionad don Chomhbhráithreachas Críostaí a mhaireann daichead uair a chloig agus a bhfaigheann na ceannairí tacaíocht sa phaidreoireacht agus san adhradh ó na creidhmhigh. Déantar na ceannairí a athnuachan i gCríost sna himeachtaí seo, agus cabhraíonn sé leo cruth a chur ar léiriú an tsaoil éicúiméinigh sa Laitvia.

Ní haon aithne theoiriciúil a bhí i gceist ag Íosa nuair a dúirt sé linn grá a bheith againn dá chéile. Neartaítear ár gcomhbhráithreachas go mór nuair a thagaimid le chéile d'aon ghnó i simplíocht na n-aspal, inár ndeisceabail Chríost a bhfuil comaoin acu ar a chéile agus a dhéanann paidreoireacht le chéile.

Dá mhéad teagmhála a bhíonn ag Críostaithe (agus a gcuid ceannairí ach go háirithe) le Críost, go humhal agus le foighne, is ea is mó a laghdófar réamhchlaontaí éagsúla, sa tslí is go mbeimid in ann Críost a aithint ina chéile, ag déanamh finnéachta mar is ceart do ríocht Dé.

## Machnamh

**Comaoin**

Bhain an seanmóir le sláinte,
le hiomláine,
le féile an bhia shaibhir,
le fíon atá tugtha chun cineáil,
ar fáil don uile chine.

Amuigh sa tsráid,
corp Chríost,
a rian milis fágtha ar do theanga
ina dhiaidh,
droch-shúil agat
ar na strainséirí,
ag scaipeadh amach as eaglaisí
eachtrannacha.

Díbeartaigh, arsa tusa.
Síol an dorchaidais.

Díbeartach tú féin,
agus nimh is ea Corp Chríost,
sáite siar i d'anam

Mainistir na hArd-Eaglaise Liútaraí in Riga





## Ceisteanna

- Níl aon ní níos fearr againn is féidir a thabhairt do Dhia nó do dhaoine eile ná ár gcuid ama. Cad iad na bronntanais a fhaighimid ó Dhia nuair a chaithimid am i dteannta ár gcomh-Chríostaithe?
- Roinn linn beagáinín dá bhfuil i gceist agat le ceannaireacht. Conas is féidir le ceannairí aontacht shoiléir a chothú san eaglais? Cén tacaíocht agus cén misneach is féidir linne a thabhairt dóibh?

## Paidir

A Thiarna Íosa,
d'ordaigh tú dúinn arán a bhriseadh
i dteannta a chéile,
agus aon mhuga amháin a ól i
    ndilchuimhne ort
- ordú nár tugadh aon aird air.
Maith dúinn é, a Thiarna.
Oscail croíthe agus intinní na
    gCríostaithe ar fud an domhain,
go háirithe iad siúd atá freagrach as
    ceannaireacht d'eaglaise,
do lúcháir agus do bheannachtaí an
    chomhbhráithreachais.
Spreag ionainn go léir an díograis
chun an dóchas a cheap tú dúinn
a bhaint amach
    aon chorp amháin agus aon spiorad,
    aon Tiarna amháin agus aon bhaisteadh,
    aon Dia amháin atá os ár gcionn,
        trínn, agus istigh ionainn go léir.
Áiméan

## Téigh agus déan (www.ctbi.org.uk/goanddo)

- Pioc amach an sliabh nó cnoc is cóngaraí do do phobal, agus bí ag tathaint ar cheannairí na heaglaise é a shiúl i dteannta a chéile, má tá siad in ann é sin a dhéanamh. Leag amach babhla salainn le meabhrú duit guí a dhéanamh lena dturas.
- Eagraigh fáiltiú do cheannairí an phobail agus tabhair coinneal dóibh mar bhronntanas ó na heaglaisí.
- Is méanar dóibh siúd a bhfuil ocras agus tart chun fíréantachta orthu – is mó pobal ar fud an domhain a bhfuil ocras agus tart fisiciúil orthu de bharr an athraithe aeráide. Tabhair cuairt ar Go and Do chun a bheith páirteach san obair ar son na fíréantachta.

# An tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2016



Twitter: #wpcu2016

www.ctbi.org.uk/weekofprayer